CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/1566 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Iúil 2023

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 23 Márta 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go gcáineann an tAontas go géar cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá ina shárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí an brú comhchoiteann a choinneáil ar an Rúis agus é a mhéadú, lena n-áirítear, b'fhéidir, trí bhearta sriantacha breise a thabhairt isteach. Luaigh an Chomhairle Eorpach freisin go gcuirfidh an tAontas dlús leis an obair atá ar bun aige lena chomhpháirtithe chun cur i gcoinne bhréaginsintí agus bhréagaisnéis na Rúise i dtaobh an chogaidh.

(4) I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá gníomhaithe na Rúise i mbun feachtas um ionramháil ar fhaisnéis dhigiteach dar teideal 'RRN' (An Nuacht Iontaofa Is Déanaí), arb é is aidhm dó ionramháil a dhéanamh ar fhaisnéis agus bolscaireacht a scaipeadh chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá an feachtas sin, a bhfuil comhlachtaí rialtais nó comhlachtaí atá cleamhnaithe le Stát na Rúise tar éis páirt a ghlacadh ann, ag brath ar leathanaigh ghréasáin bhréagacha a ghabhann chucu céannacht na n-eagraíochtaí meán náisiúnta agus suíomhanna gréasáin rialtais agus ar chuntais bhréige ar na meáin shóisialta.

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 7 nduine agus 5 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(6) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1578.	Timofey Vladimirovitch VASSILIEV Тимофей Владимирович ВАСИЛЬЕВ A.k.a: Timofey VI Тимофей ВИ	Feidhm: Ceann na Roinne um threoir straitéiseach ANO Dialoge Ait bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Timofey Vassiliev Ceann na Roinne um threoir straitéiseach ANO Dialogue, eagraíocht neamhbhrabúsach de chuid na Rúise a chruthaigh Roinn Faisnéise agus Teicneolaíochta Mhoscó (DIT) in 2019 agus a bhfuil nasc aici le riarachán na huachtaránachta, atá freagrach as scaipeadh bolscaireachta ar líne faoi na críocha sin de chuid na hÚcráine a ionghabhadh go neamhdhleathach. Is é Timofey Vassiliev a bhainistíonn an cuntas Telegram maidir le ‘seiceáil fíricí’ - cuntas a bhfuil an-tóir air - agus na fearainn a eascraíonn as maidir le ‘Bréaga a chomhrac’ a scaipeann bréagaisnéis faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Timofey Vassiliev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1579.	Ilya Andreïevitch GAMBACHIDZE Илья Андреевич ГАМБАЧИДЗЕ	Feidhm: Is é a bhunaigh Structura National Technologies [Teicneolaíochtaí Náisiúnta Structura] agus Social Design Agency [an Ghníomhaireacht um Dhearadh Sóisialta] Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Ilya Gambachidze a bhunaigh Structura National Technologies and Social Design Agency, dhá eintiteas de chuid na Rúise a bhí rannpháirteach san fheachtas um bréagaisnéis dhigiteach faoi stiúir na Rúise ‘RRN’ (An Nuacht Iontaofa Is Déanaí) arb é is aidhm dó ionramháil a dhéanamh ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhroinnt chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. D’oibrigh Ilya Gambachidze roimhe seo mar chomhairleoir do Leas-Uachtarán an Dúma, Piotr Tolstoi. Aithníodh gurb iad Teicneolaíochtaí Náisiúnta Structura agus an Ghníomhaireacht um Dhearadh Sóisialta na príomhghníomhaithe san fheachtas atá freagrach as suíomhanna gréasáin bréige a chruthú a dhéanann aithris orthu siúd atá ag eagraíochtaí rialtais agus na meáin dhlisteanacha san Eoraip (go príomha an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe) agus as borradh a chur faoin bhfeachtas ar son na Rúise ‘RRN’ ar na meáin shóisialta. Dá bhrí sin, tá Ilya Gambachidze freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1580.	Aleksandr Gennad’yevich STARUNSKY Александр Геннадьевич СТАРУНСКИЙ	Feidhm: Is é a bhunaigh the Institute of the Russian Diaspora [Institiúid Dhiaspóra na Rúise] Dáta breithe: 12.6.1970 Inscne: fireann TIN: 771989171763	Is oifigeach faisnéise míleata de chuid na Rúise é Aleksandr Starunsky agus ba iarcheannasaí é ar aonad GRU PsyOps 54777. Is bunaitheoir d’Institiúid Dhiaspóra na Rúise é, eagraíocht chaoch GRU atá ina dlúthchuid den eagraíocht meán Inforos. Tá suíomh darb ainm russkie.org ag Institiúid Dhiaspóra na Rúise a scaipeann bréagaisnéis agus bolscaireacht na Rúise faoi cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Starunsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1581.	Anastasia Sergeevna KIRILLOVA Анастасия Сергеевна КИРИЛЛОВА	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Inforos Dáta breithe: 13.12.1986 Inscne: baineann TIN: 771674318370	Is bunaitheoir agus Ard-Stiúrthóir Inforos í Anastasia Kirillova, gníomhaireacht nuachta ar líne atá freagrach as níos mó ná 270 seach-sholáthraí nuachta meán ar líne a chur ar bun a scaipeann bolscaireacht chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is eagraíocht chaoch í d'Aonad 54777 de chuid sheirbhís faisnéise míleata na Rúise GRU atá freagrach as oibríochtaí síceolaíocha. Dá bhrí sin, tá Anastasia Kirillova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1582.	Nina Viktorovna DOROKHOVA Нина Викторовна ДОРОХОВА	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Inforos Dáta breithe: 20.11.1965 Inscne: baineann TIN: 505202442068	Is bunaitheoir agus Ard-Stiúrthóir Inforos í Nina Dorokhova, gníomhaireacht nuachta ar líne atá freagrach as níos mó ná 270 seach-sholáthraí nuachta meán ar líne a chur ar bun a scaipeann bolscaireacht chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is eagraíocht chaoch í d'Aonad 54777 de chuid sheirbhís faisnéise míleata na Rúise GRU atá freagrach as oibríochtaí síceolaíocha. Dá bhrí sin, tá Nina Dorokhova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1583.	Sergey Yurievich PANTELEYEV a.k.a PANTELEEV Сергей Юрьевич ПАНТЕЛЕЕВ	Feidhm: Oifigeach faisnéise in aonad 54777 GRU Dáta breithe: 15.3.1972 Áit bhreithe: Lugansk, an Úcráin Inscne: fireann TIN: 772916129659	Tá Sergey Panteleyev ina chomhalta d'aonad 54777 GRU agus is bunaitheoir an Institute of the Russian Diaspora (Institiúid Dhiaspóra na Rúise) é, eagraíocht fronta GRU atá ina dlúthchuid den líonra bréagaisnéise ar líne de chuid Inforos. Tá suíomh darb ainm russkie.org ag Institiúid Dhiaspóra na Rúise lena gcumasaítear feiceálacht sna meáin ar líne ina ndéantar bréagaisnéis agus bolscaireacht na Rúise faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a scaipeadh timpeall an domhain. Dá bhrí sin, tá Sergey Panteleyev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023
1584.	Denis Valerievich TYURIN Денис Валерьевич ТЮРИН	Feidhm: Oifigeach GRU Dáta breithe: 1.4.1976 Áit bhreithe: Moscó Inscne: fireann TIN: 772807385405	Is oifigeach faisnéise GRU é Denis Tyurin agus is bunaitheoir Inforos é, gníomhaireacht nuachta ar líne atá freagrach as níos mó ná 270 seach-sholáthraí nuachta meán ar líne a chur ar bun ina scaiptear bolscaireacht chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is eagraíocht fronta í d'Aonad 54777 de chuid sheirbhís faisnéise míleata na Rúise GRU, atá freagrach as oibríochtaí síceolaíocha. Dá bhrí sin, tá Denis Tyurin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin.	28.7.2023'

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘245.	Social Design Agency a.k.a ‘Agentsvo Sotsialnogo Proektirovania aka ASP’	Seoladh: Moscó Bolshoy Kislovsky per, 1, building 2 Cineál eintitis: Cuideachta Teicneolaíochta agus Faisnéise Áit chlárúcháin: An Rúis Dáta clárúcháin: arna bunú in 2001 Príomhionad gnó: An Rúis	Is cuideachta TF Rúiseach í Social Design Agency [an Ghníomhaireacht um Dhearadh Sóisialta] a bhfuil dlúthbhaint aici le cumhacht pholaitiúil na Rúise. Ó 2022 i leith, tá an chuideachta rannpháirteach san fheachtas um bréagaisnéis dhigiteach faoi stiúir na Rúise – ‘RRN’ (An Nuacht Iontaofa is Déanaí) – arb é is aidhm dó faisnéis a ionramháil agus bréagaisnéis a chomhroinnt chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Aithníodh gurb í Social Design Agency príomhghníomhaí san fheachtas. Tá sí freagrach as suíomhanna gréasáin bréige a chruthú a dhéanann aithris orthu siúd atá ag eagraíochtaí rialtais agus ag na meáin dhlisteanacha san Eoraip (go príomha an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe) agus as borradh a chur faoin bhfeachtas ar son na Rúise ‘RRN’ ar na meáin shóisialta. Dá bhrí sin, tá Social Design Agency ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	28.7.2023
246.	Structura National Technologies A.k.a ‘Struktura’ Rúisis: OOO ‘ТК СТРУКТУРА’	Seoladh: Ceantar bardasach Mhoscó Arbat per Bolshoy Kislovskii 1 building 2 premises/room. i/42 Cineál eintitis: Cuideachta Teicneolaíochta agus Faisnéise. Áit chlárúcháin: An Rúis Dáta clárúcháin: arna bunú in 2009 Cláruimhir: TIN 7703438908 Príomhionad gnó: An Rúis	Is cuideachta TF Rúiseach é Structura National Technologies [Teicneolachtaí Náisiúnta Structura] a bhfuil dlúthbhaint aige le cumhacht pholaitiúil na Rúise. Ó 2022 i leith, tá an chuideachta rannpháirteach san fheachtas um bréagaisnéis dhigiteach faoi stiúir na Rúise – ‘RRN’ (An Nuacht Iontaofa is Déanaí) – arb é is aidhm dó faisnéis a ionramháil agus bréagaisnéis a chomhroinnt chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Aithníodh gurb é Structura National Technologies príomhghníomhaí san fheachtas. Tá sé freagrach as suíomhanna gréasáin bréige a chruthú a dhéanann aithris orthu siúd atá ag eagraíochtaí rialtais agus ag na meáin dhlisteanacha san Eoraip (go príomha an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe) agus as borradh a chur faoin bhfeachtas ar son na Rúise ‘RRN’ ar na meáin shóisialta. Dá bhrí sin, tá Structura National Technologies ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
247.	ANO Dialog АНО Диалог	Seoladh:119021, st. Timura Frunze, d.11, p.1, BC Demidov, Moscó Cineál eintitis: Eagraíocht neamhbhrabúis uathrialaitheach Áit chlárúcháin: An Rúis Dáta clárúcháin: 2019 Cláruimhir: TIN 9709056472 Príomhionad gnó: An Rúis	Is eagraíocht neamhbhrabúis Rúiseach í ANO Dialog a chruthaigh Roinn Faisnéise agus Teicneolaíochta Mhoscó (DIT) in 2019 a bhfuil dlúthbhaint aige le riarachán na huachtaránachta. Is é Alexey Goreslavsky atá i gceannas air, iar-leas-cheann ar Roinn Tionscadal Poiblí (OPS) an Uachtaráin. Tá ANO Dialog ag scaipeadh bolscaireacht ar líne faoi na críocha a ionghabhadh go neamhdhleathach san Úcráin. Tugann ANO Dialog treoracha don chainéal Telegram Readovka a fhoilsíonn bréagaisnéis faoin gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine chun tacú le bolscaireacht na Creimile. Tá ANO Dialog nasctha leis an gcuntas Telegram maidir le 'seiceáil fíricí' agus fearainn eile maidir le 'Bréaga a Chomhrac', atá faoi stiúir Timofey Vasiliev, Ceann roinne ANO ar Fhorbairt Limistéir Straitéiseacha ANO Dialog, ina scaiptear bréagnuacht agus bolscaireacht faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá ANO Dialog ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	28.7.2023
248.	Inforos OOO IA ООО ИА ИНФОРОС	Seoladh: 117218, MOSCÓ, Intracity territory of the city of federal significance municipal district academic, 13 Krzhizhanovskogo str., k. 2, office 511 Cineál eintitis: Eagraíocht meán Áit chlárúcháin: Moscó Dáta clárúcháin: 2/6/2003 TIN: 7727214569 Príomhionad gnó: Moscó	Is gníomhaireacht nuachta ar líne é InfoRos atá freagrach as níos mó ná 270 seach-sholáthraí nuachta meán ar líne a chur ar bun a scaipeann bolscaireacht chun tacú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is eagraíocht fronta í d'Aonad 54777 de chuid sheirbhís faisnéise míleata na Rúise GRU, atá freagrach as oibríochtaí síceolaíocha. Is é is aidhm don bholscaireacht a bhíonn á scaipeadh ag Inforos agus ag seach-sholáthraithe nuachta éagsúla an smaoineamh a chur chun cinn gur 'stát de chuid na Naitsithe' í an Úcráin agus é á mhaíomh acu gur 'seach-chogadh' de chuid 'an iarthair' ar an Rúis é cogadh foghach na Rúise, agus ar an gcaoi sin, déantar an bonn a bhaint de thacaíocht an iarthair don Úcráin. Dá bhrí sin, tá Inforos ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
249.	Institute of the Russian Diaspora ИНСТИТУТ РУССКОГО ЗАРУБЕЖЬЯ	Seoladh: 117218, CATHAIR MHOSCÓ, str. Krzhizhanovskoy, d.13, str.2 Cineál eintitis: ‘Comhairle a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí tráchtála agus bainistíocht’ Áit chlárúcháin: Moscó Dáta clárúcháin: 3/11/2005 Cláruimhir: TIN: 7727536630 Príomhionad gnó: Moscó	Is eagraíocht fronta GRU í Institiúid Dhiaspóra na Rúise atá ina dlúthchuid den líonra bréagaisnéise ar líne de chuid Inforos. Is é bunaitheoir Inforos, Denis Tyurin, duine de na comhbhunaitheoirí. Ina theannta sin, is é Denis Tyurin a chláraigh suíomh gréasáin oifigiúil bolscaireachta na hInstitiúide féin, ag baint úsáid as seoladh ríomhphoist oifigiúil de chuid Inforos. Tá suíomh darb ainm russkie.org ag an Institiúid lena gcumasaítear feiceálacht sna meáin ar líne ina ndéantar bréagaisnéis agus bolscaireacht na Rúise faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a scaipeadh timpeall an domhain. Dá bhrí sin, tá Institiúid Dhiaspóra na Rúise ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.’	28.7.2023’